



09/11/2015

Gaelscoil Thaobh na Coille

Lá Mór i bPáirc an Chrócaigh

Bhí an-lá go deo againn ar an 3 Samhain nuair a chuaigh ranganna sinsearach na scoile isteach go Páirc an Chrócaigh le tacaíocht a léiriú d'fhoirne peile na scoile a bhí ag imirt i gcaobhanna peile Chumann na mBunscol, Átha Cliath. Bhí foireann sinsearach na scoile ag imirt in aghaidh Gaelscoil Brian Bórainmhe, Sórd i gCorn Chlanna Gael. Sár-chluiche a bhí ann agus bhí an lucht tacaíochta ar cipíní ó thús deireadh an chluiche. Bua bhreá 3-12 v 1-10 a bhí ag Gaelscoil Thaobh na Coille agus na páistí agus a dtuismitheoirí ar bís go raibh an corn á thabhairt abhaile acu. D'imir foireann peile na gcaillíní in aghaidh Scoil Mhuire, Leamhcán i Sciath an Chladaigh agus d'éirigh leo an ceann is fearr a fháil orthu siúd le scór 5-8 v 2-2.



Foireann Peile Sinsear na Scoile : Buaiteoirí Corn Chlanna Gael

Ni gá a rá ach go raibh ríméad ar na páistí ag filleadh chun na scoile agus go raibh an tiománaí bus bocht bodhraithe ar an tslí abhaile leis an gcanadh agus an liú 'Taobh na Coille Abú!' Comhghairdeachas & buíochas ó chroí leis na múinteoirí a dhéanann treanáil ar na fóirne peile : Maoilíosa Ó Dúbhthaigh, Rónán Mac Niallais, Eavan Ní Mhuirgheasa & Karl Priestley.

A great day was had on the 3rd of November when the pupils from 3rd to 6th class went to support the school's football teams in the Cumann na mBunscol finals in Croke Park. Our senior footballers played against Gaelscoil Brian Bórainmhe, Swords in Corn Clanna Gael. It was an extremely exciting match and the supporters were on tender hooks until the final whistle was blown. A well deserved 3-12 v 1-10 win to Gaelscoil Thaobh na Coille was celebrated by the players and their parents and there was great delight at bringing the cup home to the school. Our girls team took on St Mary's, Lucan in Sciath an Chladaigh and came out on top also with a score of 5-8 v 2-2.

Suffice to say that the pupils were ecstatic on their return to school and the poor bus driver was deafened on the way home by the loud singing and shouts of 'Taobh na Coille Abú!' Congratulations and míle buíochas to the teachers who train our football teams: Maoilíosa Ó Dúbhthaigh, Rónán Mac Niallais, Eavan Ní Mhuirgheasa & Karl Priestley.

Tá moladh speisialta ag dul do na cailíní & na buachaillí eile ar fad a bhí ag gabháil don traenáil ó thús na bliana ach nach bhfuair imirt i bPáirc an Chrócaigh ar an lá. Maith sibh go léir.



Foireann Peile na gCailíní : Buaiteoirí Sciath an Chladaigh

Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2



NÁ FÁG ROTHAIR SA SCOIL
THAR OÍCHE NÓ AG AN
DEIREADH SEACHTAINE

PLEASE DO NOT LEAVE
BICYCLES IN THE SCHOOL
OVERNIGHT OR AT THE
WEEKEND

Bí cinnte freisin go mbíonn
glas ar aon rothar a fágta
sa seoltán rothar i rith an
lae. Is feidir le haon duine
teacht isteach ar láthair na
scoile i ngan fhios dúinn.

Please ensure that bicycles
left in the bicycle shelter are
locked as anyone can enter
the school grounds
unnoticed during the day.



Gaelscoil
Thaobh na Coille



Bord Bainistíochta

2015 - 2019

Cathaoirleach: Conor Mac Daid



Conor Mac Daid
Oilibhéar Ó hAodha
Sharon Poullain
Dave Ó Murchú
Emer Nic Chonchrada
Fiona Ni Chléirigh
Ailín Ni Dhomhnaill
Le céapadh

Toghachán d'Ionadaithe na dTuismitheoirí Parent Representatives

Ceapadh Sharon Poullain (Máthair le Saidhbh R4B & Dara R3B) agus Dave Ó Murchú (Athair le Rónán R2A & Grace N2A) mar ionadaithe na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta ag an gcruinniú toghachána a eagraíodh do thuismitheoirí na scoile ar oíche Mháirt an 03 Samhain. Míle buíochas leo as ucht a bheith sásta dul ar an mBord Bainistíochta.

Sharon Poullain (mother of Saidhbh R4B & Dara R3B) Dave Ó Murchú (Father of Rónán R2A & Grace N2A) were elected as the parent representatives on the Board of Management at the election meeting that was held on Tuesday last the 3rd of November. We are very grateful to them for agreeing to go on the Board of Management.

Buíochas le Bord Bainistíochta 2011–2015

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas ó chroí a ghabháil le baill an Bhord Bainistíochta reatha a thiocfaidh chun deiridh ar an 30 Samhain.

I would like to take this opportunity to thank the members of the outgoing Board of Management whose term of office comes to an end on the 30th of November.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Mary Mhic Dhomhnaill, Lúsaí Mhic Cnáimhsí & Colm Mac Giolla Phádraig atá ag éirí as an mBord taréis dhá théarma (8 mbliana) a chaitheamh ar an mBord. Gabhaim buíochas freisin le Fiona Ni Chléirigh, Oilibhéar Ó hAodha & Ailín Ni Dhomhnaill atá sásta téarma eile a chaitheamh ar an mBord.

In particular I would like to thank Mary Mhic Dhomhnaill, Lúsaí Mhic Cnáimhsí & Colm Mac Giolla Phádraig who are standing down after spending two terms (8 years) on the Board of Management. I would also like to thank Fiona Ni Chléirigh, Oilibhéar Ó hAodha & Ailín Ni Dhomhnaill who have agreed to continue on the Board for another term.

Míle buíochas le Conor Mac Daid as a bhfuil déanta aige ar son na scoile agus é mar Chathaoirleach ar an mBord. Tá 8 mbliana tugtha ag Conor ar an mBord cheana féin ach an-áthas orainn go bhfuil sé sásta leanacht ar aghaidh sa ról seo don téarma nua atá ag teacht.

We are extremely grateful to Conor Mac Daid for all that he has done for the school as Chairperson of the Board of Management. Conor has already given 8 years service on the board but we are delighted that he is willing to continue in this role for another term of office.

Bord Bainistíochta Nua New Board of Management

Seo a leanas comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta.

- 1. Ionadaithe an Phatrúin Patron's nominees : Conor Mac Daid & Oilibhéar Ó hAodha*
- 2. Ionadaithe na dTuismitheoirí Parent Representatives : Sharon Poullain & Dave Ó Murchú*
- 3. Príomhoide na scoile The Principal Teacher : Emer Nic Chonchrada*
- 4. Múinteoir de fhoireann na scoile Teacher on the staff : Fiona Ni Chléirigh*
- 5. Beirt eile a mholfaidh an seisear atá tofa ó (1) – (4) thuas. Two extra members proposed by (1) - (4)*

Reachtáilfear an chéad chruinniú Boird eile ar an Luan an 23 Samhain. Comhchruinniú a bheidh ann idir an Bord Reatha agus an Bord Nua. Seasfaidh an Bord Reatha síos ag an gcruinniú seo agus tiocfaidh an Bord Bainistíochta nua i bhfeidhm.

The next Board of Management meeting will be held on Monday the 23rd of November. This will be a joint meeting between the current Board and the new Board. The current Board will stand down at this meeting and the incoming Board of Management will take office.

Teagmháil r-phoist E-mail communication

Tá úsáid á bhaint againn as an r-phost le cúpla seachtain anuas le fógraí agus nuachtlitréacha a sheachadadh ar thuismitheoirí na scoile. Tá súil againn go gcinnteoidh sé seo go bhfaigheann tuismitheoirí na nótaí a théann amach ón scoil agus nach bhfanann siad ag bun na málaí scoile ar feadh laethanta nó uaireanta roinnt seachtainí!

Tá cóip chrua de na fógraí & r-phostanna á sheoladh amach againn faoi láthair ach a thúsce is atáimid cinnte go bhfuil an córas r-phoist ag feidhmiú i gceart cuirfear stop leis na nótaí páipéir

Muna bhfuil r-phostanna faighte agat ón scoil le déanaí ar mhiste leat seiceáil ar dtús nach bhfuil siad imithe isteach i d'filteán spam agus muna bhfuil ar mhiste leat r-phost a sheoladh ag ár Rúnaí Margaret ag gaelscoil@taobhnacoille.ie ó do rogha r-phost len é sin a chur in iúl di. Beidh sise in ann seiceáil ansin an bhfuil do sheoladh r-phost i gceart againne ar ár gcóras.

We have started using e-mail to distribute notices and newsletters from the school. We hope that this will ensure that school notices get to you on time and do not remain at the bottom of the school bags for days if not weeks on end!

At the moment we are sending out hard copies of all notices as well as e-mails but once things are up and running properly we will stop sending out notices in the school bags.

If you have not received e-mail notifications from the school in the last few weeks can you please check that they have not gone into your spam folder and if not can you please e-mail our Rúnaí Margaret at gaelscoil@taobhnacoille.ie from your preferred e-mail address to let her know that. She will then be able to check if your e-mail address is correct on our system.



DÁTA don DIALANN
A Date for your Diary

Dinnéar Ceiliúrtha
20 Bliana
20th Anniversary
Gala Dinner



Óstan an Ritz Carlton
Áth na Scairbhe
Enniskerry

Tuile eolais le teacht

More information to follow



Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí Parent/Teacher Meetings




Beidh na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ar siúl sa scoil ar an Déardaoin seo chugainn an 19 Samhain ó 2.45pm ar aghaidh. Tá clár ama chuimsitheach leagtha amach againn don lá a chinnteoidh nach mbeadh aon trasnú ar siúl idir ranganna san áit go bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha i gceist. Tá sé deacair clár ama den tsórt seo a réiteach do 442 páiste agus dá bhrí sin iarraim oraibh cláir leis na h-amannta atá socraithe daoibh.

Our Parent/Teacher meetings will be held in the school on Thursday next the 19th of November from 2.45pm onwards. Please ensure that all children are collected promptly & without delay at 2.30pm on that day so that the parent/teacher meetings can begin on time. We have ensured in preparing the timetable that no cross over occurs where siblings are concerned. I am sure you can appreciate that preparing a timetable for 442 children is extremely complex, I would ask you to make every effort to adhere to your scheduled appointment(s).

Each child has been allocated a 10 minute appointment. There is a 10 minute gap between most sibling appointments to allow parents enough time to get from one classroom to another.

Aoine 20/11/15



Oíche Scannánaíochta
Movie Night sa scoil

6.30pm

Tuile eolais le teacht



Scéalta Ranga Class News

N1A Tá rang N1A ag foghlaim scéal na 3 béir. Is breá leo é.

N1B Tá rang N1B an-mhaith ag canadh 'Aindí Leisciúil'.

N1C Tá rang N1C ag tosú ag léamh le mamaí & daidí sa bhaile.

N2A Is maith le rang N2A a bheith ag léamh le chéile.

N2B Tá rang N2B ag foghlaim faoin ulchabhán.

R1A Déanann R1A a lán, a lán, a lán ealaine agus is breá leo é sin.

R1B Deir R1B gur breá leo scrúdaithe litriú agus obair bhaile!

R2A Tá na Cúigí agus Condaetha na hÉireann foghlamtha ag R2A.

R2B Tá R2B ar fheabhas ag an matamaitic. Is breá leo na stáisiúin matamaitice.

R3A Tá Dialann Crainn á chur le chéile ag R3A ionas go mbeidh siad in ann crainn éagsúla a aithint.

R3B Chuir R3B síolta biolar (cress) agus tá siad chun iad a ithe nuair a bhíonn siad fásta.

R4A Tá tionscnaimh á dhéanamh ag R4A faoi láthair faoin Dara Chogadh Domhanda.

R4B Tá turgnaimh leictreachais ar siúl ag daltaí R4B agus creideann siad gur b'iad siúd an rang is fearr sa scoil?

R5A Beidh lá eolaíochta ag R5A ar an Déardaoin. Tá siad ag tnúth go mór leis.

R5B Thug R5B cuairt ar fheirm Airfield, ar an larsmalann Náisiúnta agus ar an Dánlann Náisiúnta cheana féin i mbliana. Bhain siad an-taitneamh as an dá thuras sin.

R6 D'fhreastal R6 ar Chúrsa Spioradálta le scoileanna eile an pharóiste ar an Aoine. Bhaineadar an-sult as an lá.

Tuairiscí ón gCraobh Peile



Nuair a bhuamar an craobh bhí gach duine ar bís. Thógamar 'selfie' leis an Múinteoir Mac Niallas. Fuair gach duine a bhí ar an bpainéal bonn óir. D'ardaigh an captean, Liam Ó Donaile, an corn go hard san aer. Chuamar go Mc Donalds mar seaimpíní. Taobh na Coille ABÚ!!

Barra Ó Faoláin

Bhuaigh na callíní i gcoinne Scoil Mhuire, Radharc na Coille, Leamhcán i gcomórtas Sciath an Chladaigh! 5-8 go 2-2 an scór a bhí ann ar deireadh. Scóráil Sophie Nic Aogáin 3-0 agus scóráil Róisín Ní Chathasaigh 2-8. Bhuamar le cúig déag pointe! Bhiomar ar bís! Beidh seans ag gach imreoir an Sciath bhreá a thabhairt abhaile leo. Bronnadh bonn deas óir ar gach imreoir. Taobh na Coille ABÚ!!!!



Siofra Ní Dhonnchú



Tá sé buaite againn, tá cluiche na mbuachaillí buaite againn! Tá an fheadóg dheireanach séidte ag an réiteoir agus táimid go léir ag léim is ag luascadh san aer le háthas. Craitheann muid lámha le himreoirí Ghaelscoil Brian

Bóraithe agus siúlaimid sall chun an corn a ardú.

David Bosch

Thosaigh an cluiche nuair a shéid an réiteoir an fheadóg. Mhóthaigh mé an-neirbhiseach ach bhí sceitimíní orm chomh maith. Bhí Róisín agus Neasa againn i lár páirce, don chaitheamh isteach. Bhí na bainsteoirí agus na hionadaithe ar an taobh líne. Bhí slua mór tacaíochta 'sna seastáin. Is cinnte gur cluiche maith a bheadh ann!!



Clodagh Nic Eochagáin



Bhiomar dhá pointe chun tosaigh i gCraobh Chlanna Gael. Bhí Gaelscoil Brian Bóraithe ar an ionsaí. Bhuaigh Liam an liathróid agus tharraing sé cic mór uirthi. Rug Evan Binley ar an liathróid agus scóráil sé cúl. Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin shéid an réiteoir don uair dheireanach agus bhí an bua againn. Bronnadh an corn ar an gcapteán Liam agus bhí gach duine go han-an-sásta!

Colm Ó Craidhn